Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13632/23**

**LIMITE**

**JAI 1237**
**COPEN 337**
**RELEX 1115**
**IPCR 59**
**COJUR 49**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6458/23, 9315/23 |
| Ábhar: | Freagairtí breithiúnacha agus an tsaoirse ó phionós a chomhrac maidir le coireanna cogaidh arna ndéanamh i ndáil le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin<br>- Staid na himeartha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta maidir leis an ábhar thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

**Freagairtí breithiúnacha agus an tsaoirse ó phionós a chomhrac maidir le coireanna cogaidh arna ndéanamh i ndáil le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin – staid na himeartha**

PUBLIC

Is cúis mhór imní d'Uachtaránacht na Spáinne an díobháil mhór atá ag teacht as cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. De réir mar a rinne na huachtaránachtaí roimhe seo, ba mhaith le hUachtaránacht na Spáinne faisnéis a chur ar fáil maidir leis na tionscnaimh is déanaí a rinneadh ar an leibhéal Eorpach maidir le comhrac na saoirse ó phionós, lena ndírítear ar na gníomhaíochtaí a rinneadh ó tháinig an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile le chéile an 8 agus an 9 Meitheamh 2023.

Ag an gcruinniú a bhí aici an 29 agus an 30 Meitheamh 2023, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl go bhfuil rún daingean fós ag an Aontas a áirithiú go dtabharfaí an Rúis chun cuntais go hiomlán as an gcogadh foghach atá á chur aici ar an Úcráin. Luaigh an Chomhairle Eorpach gur díol sásaimh di an dul chun cinn atá déanta maidir le bunú an Lárionaid Idirnáisiúnta um ionchúiseamh choir an fhogha faoin Úcráin (ICPA). Rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar na hiarrachtaí atá déanta binse a bhunú chun coir an fhogha faoin Úcráin a ionchúiseamh, lena n-áirítear an obair a rinneadh sa Chroíghrúpa, agus d'iarr sí go leanfaí den obair sin. Luaigh an Chomhairle Eorpach gur díol sásaimh di freisin gur bhunaigh Comhairle na hEorpa clár an damáiste arna dhéanamh ag fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin, agus iarrann sí go leanfaí den obair sin.

Chuir ICPA tús oifigiúil lena oibríochtaí sa Háig an 3 Iúil 2023 faoi scáth Eurojust. Is é Uachtarán Eurojust, an Coimisinéir Eorpach um Cheartas, Ionchúisitheoir Ginearálta na hÚcráine, Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta (ICC), Ard-Aighne Cúnta na Stát Aontaithe agus Aire Dlí agus Cirt na hÍsiltíre a d'oscail an Lárionad go hoifigiúil. Is i mí Mheán Fómhair a seoladh mar is ceart é.

Trí ICPA, tacaíonn Eurojust le himscrúduithe leanúnacha ar choir an fhogha. Beidh roinnt ionchúisitheoirí lánaimseartha rannpháirteach in ICPA, cuid acu ón Úcráin agus cuid acu ar ionchúisitheoirí páirtaimseartha iad ó na Ballstáit agus a bhfuil baint acu leis an bhFoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú (JIT), foireann a imscrúdaíonn croíchoireanna idirnáisiúnta a líomhnaítear a rinneadh san Úcráin. Tá Oifig Ionchúisitheoir ICC rannpháirteach in JIT[1], agus beidh dlúthbhaint ag an oifig sin le ICPA freisin, chun a áirithiú go n-ailíneofar na himscrúduithe go dlúth. Comhoibríonn údaráis na Stát Aontaithe le comhaltaí JIT ar bhonn Meabhrán Tuisceana, agus cuireann an tír sin faisnéis agus fianaise ar fáil trí Ionchúisitheoir Speisialta maidir le coir an fhogha a cuireadh i gceann poist ag Eurojust go sealadach. Thairg roinnt tíortha - Ballstáit nach bhfuil páirteach in JIT agus tríú tíortha eile - saineolas teicniúil (e.g. anailís mhíleata) nó maoiniú a chur ar fáil. Tá na riachtanas beacht á sainiú agus an creat don tacaíocht sin á anailísiú faoi láthair ag Eurojust agus comhaltaí JIT.

An 11 Meán Fómhair 2023, ag an gcomhdháil dar teideal *On the Path to Justice for Ukraine: Advancing Accountability, Reuniting Children with their Families, and Supporting the Resilience of its Justice System* [Ar an gcosán chuig an gceartas don Úcráin: cuntasacht a chur chun cinn, leanaí agus a teaghlaigh a thabhairt le chéile arís, agus tacú le hathléimneacht an chórais ceartais], tháinig airí dlí agus cirt na mBallstát agus stáit bhreathnóireachta Chomhairle na hEorpa le chéile i Ríge (an Laitvia) chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí chogadh fhoghach na Rúise ar an Úcráin. D'athdhearbhaigh siad a dtiomantas láidir maidir leis an gceartas a chur chun cinn agus maidir leis an dlí idirnáisiúnta a urramú, agus dúirt siad gur díol sásaimh dóibh bunú chlár an damáiste arna dhéanamh ag fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin a bunaíodh faoi Pháirt-chomhaontú Méadaithe de chuid Chomhairle na hEorpa. D'fhreastail an Coimisinéir Eorpach um Cheartas, Uachtarán Eurojust agus Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ar an gcomhdháil freisin.

An 12 Meán Fómhair 2023 bhí an dara cruinniú ag Comhdháil na Rannpháirtithe i gclár an damáiste i Ríge, cruinniú a bhí dírithe ar shaincheisteanna airgeadais agus ar an nós imeachta chun an Bord a cheapadh. Tá mór-ranníocaíocht dheonach déanta ag an Aontas Eorpach leis na costais a bhaineann le seoladh an chláir; is iad na stáit rannpháirteacha a mhaoiníonn buiséad an chláir, trí ranníocaíochtaí bliantúla agus ranníocaíochtaí deonacha a dhéanamh.

[1] An 5 Deireadh Fómhair 2023, rinneadh rannpháirtí in JIT de Europol freisin.



PUBLIC

Is mian leis an Uachtaránacht béim a leagan ar an obair a dhéantar in Eurojust i ndáil leis an mbunachar sonraí fianaise i leith na gcoireanna idirnáisiúnta is tromchúisí (CICED).

An 23 Feabhra 2023 chuir Eurojust CICED ag obair don chéad uair. Bunachar sonraí breithiúnach saincheaptha atá ann, a bunaíodh chun fianaise ar chroíchoireanna idirnáisiúnta (cinedhíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh agus cionta gaolmhara) a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil. Cuireann sé ar chumas Eurojust tacú le húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha fianaise a shainaithint atá lonnaithe i dtír eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha dá n-imscrúdú féin.

Is tráth ríthábhachtach é seo do CICED, mar tá an tríú céim dá fhorbairt ar siúl. Ós rud é go bhfuil na feidhmiúlachtaí chun faisnéis a stóráil agus a tharchur go slán tugtha chun críche cheana féin, tá Eurojust ag obair anois ar chur chun feidhme na feidhmiúlachta anailísí a d'fhormheas an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i samhradh 2023. Cuirfidh an fheidhmiúlacht anailíseach sin ar chumas Eurojust anailís bhreise a dhéanamh ar an bhfaisnéis a fhaightear, naisc a bhunú idir na píosa faisnéise agus aiseolas a chur ar fáil do na Ballstáit. Tá Eurojust ag súil go gcuirfidh sé bailchríoch ar chur chun feidhme teicniúil na comhpháirte anailísí faoi mhí na Samhna 2023. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfeadh na Ballstáit uile fianaise leis an mbunachar sonraí, is cuma cé acu is comhaltaí nó nach comhaltaí iad de JIT.

Rinneadh dul chun cinn freisin sa phlé ar reachtaíocht an Aontais maidir le sáruithe ar bhearta sriantacha an Aontais agus maidir le coigistiú.

Tionóladh an chéad agus an dara cruinniú tríthaobhach faoin togra le haghaidh treoir maidir le coigistiú agus aisghabháil sócmhainní an 13 Meitheamh agus an 3 Deireadh Fómhair 2023.

I gcás an togra le haghaidh treoir maidir le sainmhíniú ar chionta coiriúla agus pionóis i gcás sárú ar bhearta sriantacha an Aontais, tionóladh na chéad chruinnithe tríthaobhacha an 12 Iúil agus an 26 Meán Fómhair 2023.

PUBLIC